


ExamLearn.ie



An Gnáthrud

An Gnáthrud

le Déirdre Ní Ghrianna

Achoimre

Is gnáthfhear é Jimmy. Téann sé ag ól lena chairde sa teach tábhairne áitiúil gach Aoine, ach ní bhíonn mórán d'fhonn air bheith ag ól piontaí. Bíonn sé ag súil le filleadh ar a bhean chéile Sarah leis an ngnáthrud ón mbialann Shíneach níos déanaí san oíche, agus níos fearr fós, oíche Shathairn nuair a bheidís in ann "teannadh lena chéile ar an tolg...agus buidéal beag fíona acu".

Tá triúr páistí óga ag Jimmy, agus tá grá mór aige dóibh ar fad. Bíonn sé ag smaoineamh orthu fiú amháin agus é amuigh sa teach tábhairne: "Bheadh Sarah, a bhean chéile ag streachailt go crua ag iarraidh na páistí a chur ina luí." Tugtar le fios dúinn nach amháin gur fear clainne maith é Jimmy, ach gur cara maith é freisin. Tháinig sé i gcabhair ar a chomhghleacaí Billy san obair.

Is duine dícheallach é Jimmy a oibríonn go crua, ní hamháin gur briceadóir a bhí ann ó Luan go hAoine, bhain sé "bunús bliana" air feabhas a chur ar a theach sna tráthnóntaí agus ag an deireadh seachtaine.

D'fhág Jimmy an teach tábhairne go luath, fé mar a rinne sé gach seachtain, agus chuaigh chuig an *Jasmine Palace* chun an gnáthrud a fháil. Bhuail sé le déagóirí míshóisialta agus é ann ach ní raibh sé ag lorg aon trioblóid agus thug sé "traidhfil airgead rua agus boinn chúig pingine dó". Léiríonn an eachtra seo nach mbíonn Jimmy ach ag iarraidh saol suaimhneach a bhaint amach dó féin agus a chlann. Molann an bhean atá ag obair ann, Liz, é as bheith ina fhear stuama, ag ra nach bhfuil "mórán de do mhacasamhail ag gabháil ar an aimsir seo".

Ansin chuaigh Jimmy ar aghaidh leis an mbia agus thosaigh ag súil abhaile. Bhí sé ag smaoineamh arís ar a chlann sa bhaile agus cé chomh sásta a bheadh sé iad a fheiceáil. Lón a chroí le háthas. Ach go tobann, scaoileadh urchar lena chloigeann agus fuair sé bás ar an tsráid, a fhuil dhearg ag meascadh leis an anlann ón mbia Síneach.

Téamaí

Clann

Caitear go leor ama sa ghearrscéal seo ag déanamh cur síos ar chlann Jimmy agus an caidreamh atá acu. Is léir go bhfuil grá as cuimse ag Jimmy dá bhean agus dá pháistí ar fad: "Bhí a fhios aige gurbh iad Elizabeth agus Margaret na páistí ab fhearr a cuireadh chun saoil riamh", "Ba mhian leis luí aici (Sarah) agus inse di cad é chomh sona sásta agus a bhí sé le linn iad bheith le chéile".

Ní féidir a shéanadh ach go bhfuil grá ollmhór ag Jimmy dá chlann ar fad. Bíonn sé ag smaoineamh orthu go ceanúil an t-am ar fad, fiú amháin agus é ag ól piontaí lena chairde! Tá meas mór aige dá bhean, oibríonn siad go hiontach mar fhoireann. Is í a deir leis dul chuig an teach tábhairne lena chairde ionas nach gceapfaidh siad go bhfuil sé faoi bhos an chait aici.

Gnáthshaol

Níl aon rud as an ngnách maidir leis an saol a chaitheann Jimmy. Tá cairde aige, tá clann aige, agus bíonn sé ag treabhadh ar aghaidh leis sa saol. Cleachtaíonn sé nósanna atá rialta agus normálta. Buaileann sé isteach chuig an teach tábhairne lena chairde ar an Aoine. Ordaíonn sé an rud céanna sa bhialann Shíneach ina dhiaidh: "An gnáthrud, a Jimmy. Tá tú rud beag luath anocht?" a fhiafraíonn an bhean atá ag obair ann, Liz, de. Is dócha go bhfuil rud faoi leith a d'ordódh gach éinne ón mbiatheach Síneach is gaire dóibh, ní haon rud speisialta é seo.

Déantar comóradh ar na nithe comónta seo leis an teideal "An Gnáthrud". Bíonn deasghnátha dearfacha a leanann Jimmy lena shaol. Agus taitníonn na nithe seo leis. Tá clann aige, mar atá ag cuid mhaith lanúin sa

tír seo. Tá siad óg agus glacann sé iarracht bheith ag tabhairt aire dóibh: "Bheadh Sarah, a bhean chéile, ag streachailt go crua ag iarraidh na páistí a chur ina luí". Táim cinnte go dtuigfeadh éinne a bhfuil clann óg acu go mbíonn sé deacair bheith ag plé leo go minic.

Aithníonn Jimmy na daoine céanna ina shaol. Billy, a chara oibre, Micí, an freastalaí sa teach tábhairne, Liz, an bhean sa bhialann Shíneach, agus a chlann fhéin ar ndóigh. "Chonacthas do Jimmy go raibh na pótaí céanna seo greamaithe do na stólta...suíodh achan mhac máthar acu ar an stól céanna gan teip". Is iad seo na carachatair a ghlacann ról rialta ina ghnáthshaol.

An rud is mó a léireodh nach bhfuil gnáthshaol á chaitheamh aige ná é bheith níos fearr ná gnáthfhear. Réitíonn gach éinne go maith leis. Tá sé dílis agus stuama agus grámhar. Ní fhéadfaimis a shamhlú aon chúis a mbeadh naimhde aige toisc go gcaitheann sé chomh maith sin le gach éinne a mbuaileann sé leo.

Seicteachas

Is téama é an seicteachas sa ghearrscéal seo, ce nach luaitear an reiligiún ar chor ar bith. Sílim go ndearnadh seo d'aon ghnó. Déantar cur síos cuimsitheach ar an saol maith a chaitheann Jimmy agus na codanna dá shaol atá tábhachtach dó. Ní luaitear an creideamh ar chor ar bith. Ach is léir gur duine carthanachtúil é Jimmy, tugann se airgead do na déagóirí sa bhialann Shíneach, agus cabhraíonn sé lena chairde nuair a bhíonn cúnaimh de dhíth orthu.

Toisc nach luaitear an reiligiún is gá dúinn bheith inár mbleachtairí le hoibriú amach gur dúnmharú seicteach a bhí i ndúnmharú Jimmy. Tá an scéal lonnaithe i mBéal Feirste i rith na dTrioblóidí, tuigimid go mbíodh scoilt idir Caitlicigh agus Protastúnaigh ag an tráth sin. Is cosúil gur thuig dúnmharfóirí Jimmy cé a bhí ann. Ní féidir linn a shamhlú cé a mbeadh fadhb acu le Jimmy ón gcur síos a thugtar air. Caitheann sé go maith le gach duine a mbuaileann sé leo.

Is gá dúinn ansin a thuilleadh machnaimh a dhéanamh, agus a fháil amach go mb'fhéidir nach bhfuil a reiligiún sásúil do dhream áirithe, agus go mbeartaíonn siad rud éigin a dhéanamh faoi dá bharr. An chuid thruamhéalach ná nach amhlaidh go nglacann an creideamh ról lárnach i saol Jimmy in aon slí. Bhí sé ag cur feabhais ar a theach ag na deirí seachtaine seachas ag freastal ar aifreann. Cleachtaíonn sé tréithe Críostaíochta cosúil le grá agus carthanacht. Más é gur cuireadh deireadh lena shaol toisc go raibh coinníollacha a Chríostaíochta beagán éagsúil ó bhrainse Críostaíochta eile is bocht an scéal é. Ní chheadaíonn aon chineál Críostaíochta daoine a mharú ach oiread.

Teicníochtaí

Pearsantú

An sprioc atá leis an scéal seo ná pearsantacht a chur le hÍobartach de dhúnmharú seifteach. Go hiondúil nuair a chloisimid go maraíodh duine i gcúinsí mar seo ní dhéantar ach sonraí beachta a thabhairt dúinn, ní fhaighimid aon tuiscint ar an gcineál saoil a chaith an duine a fuair bás.

Tosaítear ar mhalairt treo sa scéal seo. Forbraítear carachtar Jimmy go cuimsitheach agus ansin baintear stangadh iomlán asainn nuair a chuirtear deireadh lena shaol. Fásann cion ionainn i leith a charachtair agus tuigimid a bhfuil i gceist leis an saol macánta a chaitheann sé. Tuigimid an grá atá aige dá chlann is dá chairde agus nach raibh aon rud a sheas amach faoi, maidir le reiligiún ná eile.

An pointe atá á dhéanamh ag an údar ná go bhfuil saol agus scéal ag baint le gach duine a mharaítear mar seo. Don chuid is mó ní fhaighimid léargas ar a raibh i gceist leis an saol, agus bíonn sé éasca gan bheith ag smaoineamh ar an dúnmharú mar staitistic dá bharr. Ach toisc go gcuirimid aithne mhaith ar Jimmy sa scéal seo, bíonn cumha orainn nuair a fhaighimid bás, agus tuigimid cé chomh héagórach atá sé.

Monalóg

Faighimid léiriú ar a mbíonn ar siúl in intinn Jimmy go minic tríd an scéal seo. Is teicníc chumhachtach í sin mar léiríonn sé go díreach an cineál duine atá ann. Is féidir le duine bheith ag insint breág lena n-iompar seachtrach ach is ionann a mbíonn duine ag machnamh faoi agus conas mar atá siad go fíreannach.

Tuigimid go mbíonn Jimmy ag smaoineamh ar a chlann go minic agus go ceanúil, fiú amháin agus é amuigh lena chairde. "Ba í Sarah a rinne baile de". Tá ardmheas aige dá bhean chéile, agus níl aon bhealadh níos fearr chun é sin a léiriú ná tríd a smaointe pearsanta ina leith a nochtú dúinn.

Bíonn an teicníocht seo úsáideach freisin lena chur in iúl dúinn a cheapann Jimmy faoi dhaoine eile. Ní thuigeann sé cén chaoi a bhféadfainn na póitairí céanna bheith greamaithe dá stólta sa bheár an t-am ar fad. "ní raibh a fhios aige cad é mar a thiocfadh leo suí ansin uair ina dhiaidh uaire is gan scrupall coinsiasa ar bith orthu."

Carachtair

Jimmy

Is é Jimmy príomhcharachtar an scéil seo amach is amach. Fearr stuama, dícheallach, cabhrach is ea é. Tá sé cineál ciúin, glaoann a chairde "fear ólta sú" air agus iad sa teach tábhairne gach Aoine. Ní bhíonn fonn air bheith ag caitheamh siar piontaí don oíche ar fad. B'fhéarr leis bheith lena chlann sa bhaile.

Ach is cara den scoth é fós féin. Nuair a bhí trioblóid aga Billy ar an obair, "B'éigean do Jimmy a tartháil a thabhairt air agus geallstan don *gaffer* go gcoinneodh sé ag gabháil mar ba cheart é."

Tá grá mór ag Jimmy dá chlann. "b'fhada le Jimmy go dtógfadh sé iad, duine ar achan lámh, agus go dteannfadh sé lena chroí iad agus go dtéadh sé a cheol daofa agus éisteacht leo ag plobaireacht". Grá macánta, nádúrtha atá anseo. Cé go n-aithníonn Jimmy go mbíonn sé deacair bheith ag tógáil clainne, baineann sé sult mór as an bpróiseas fós féin.

Ní theastaíonn ó Jimmy ach saol suaimhneach a bheith aige, ní chruthaíonn sé aon trioblóid sa *Jasmine Palace* nuair a bhíonn na déagóirí míshóisialta ag labhairt go drochbhéasach. Gnáthfhear cineálta is ea é, nach dteastódh uaidh aon rud a dhéanamh riamh a chuirfeadh as dó ná dá chlann.

Sarah

Deirtear gur gá go mbeadh bean láidir taobh thiar de gach fear maith. Is í Sarah cara is fearr Jimmy, ní bhuailimid léi sinn féin ach ón méid atá le rá ag Jimmy fúithi sá sí dochreidte ar fad. "déarfadh geallghlacadóir ar bith go mbeadh an bua ag Sarah arís eile". Molann Jimmy í go hard na spéire, ceapann sé go bhfuil sí go hiontach ar fad, agus tá an chuma ar an scéal go bhfuil sí!

Is bean thuisceanach í. Cuireann sí iachall ar Jimmy dul go dtí an teach tábhairne lena chairde le go mbeidh sé in ann am a chaitheamh lena chairde, cé nach bhfuil sé féin róbhuartha faoi sin. "Ba Sarah ba chúis le é a leanstan den chruinniú seachtainiúil seo...níor lú uirthi an diabhal ná a chairde a rá go raibh sé faoi chrann smola aici".

Caitheann sí féin agus Jimmy am le chéile ag an deireadh seachtaine dóibh féin chomh maith. "b'fhada le Jimmy go dtaradh oíche Sathairn". Máthair, bean chéile, agus oibrí den chéad scoth is ea de réir cosúlachta. Agus is iontach an pósadh agus an chlann atá aici féin agus Jimmy.